Uimhir Lárionaid

| | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2011

# Tíreolaíocht

## Aonad 1:
## An Domhan Nádúrtha Againn Á Thuiscint

Bonnsraith

**[GGG11]**

GGG11

**DÉ LUAIN 13 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **3** cheist.
Tá léarscáil Shuibhéireacht Ordanáis ar fáil duit le húsáid i **gCeist 1**.
**Ná** scríobh do fhreagraí ar an léarscáil seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna seo: **1(f)(i)**, **1(g)** agus **2(e)(i)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Freagair **gach ceann** de na **3** cheist.

**Téama A: An Tírdhreach Dinimiciúil**

**1** **(a)** Déan staidéar ar an sliocht Suirbhéireacht Ordanáis de Blakeney Point, Sasana, agus freagair na ceisteanna a leanann.

**(i)** Luaigh airde an talaimh ar an A149, príomhbhóthar, ag TE 083438.

_______________________ méadar [1]

**(ii)** Luaigh an fad dronlíneach ón Pharcáil ag TE 049453 go barr Pits Point ag TE 004456.

__________________________ km [2]

**(iii)** Cuir líne faoin treo a bhfuil Blakeney Point (TE 0046) ó Weybourne (TE 1142).


**soir ó dheas** **soir ó thuaidh** **siar ó thuaidh** **soir** [1]

**(iv)** Tá an-dúil ag turasóirí sa cheantar seo. Meaitseáil na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an suíomh acu. Tá ceann amháin acu déanta.

| **Gníomhaíocht** | **Suíomh** |
|---|---|
| Súgradh ar thrá ghainimh • | • 1043 |
| Triail a bhaint as an anaclann dúlra • | • 1342 |
| Conair foraoise a leanúint • | • 1643 |
| Breathnú ón ionad amhairc • | • 0544 |
| Campáil • | • 1141 |

[4]

**(b) (i)** Sampla de ghob is ea Blakeney Point TE 0046. Taispeánann **Fíor 1** an gob ag Blakeney Point. Agus léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ina cuidiú agat, comhlánaigh an eochair trí na litreacha ar **Fíor 1** a mheaitseáil leis an lipéad ceart ar an eochair.




**Fíor 1**

| Eochair | |
|---|---|
| **Litir ar Fíor 1** | **Lipéad** |
| | Treo an tSíobtha feadh Cladaigh |
| | Mórthír |
| **D** | Dumhcha |
| | Trá scaineagáin |
| | Riasca Goirt |

[4]

**(ii)** Sil-leagan is cúis le gob. Luaigh ciall an téarma **sil-leagan**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**(iii)** Tá dhá phríomhchineál toinne ann – tonn tógála agus tonn scriosach. Críochnaigh na habairtí seo a leanas le comparáid a dhéanamh idir tonnta tógála agus tonnta scriosacha. Roghnaigh na focail as an liosta thíos.

**tógála** **scriosach(a)** **creimeadh** **tógáil** **níos lú** **níos mó**

1. I gcás tonnta _________________, bíonn an chúlchaise i bhfad níos láidre ná an borruisce.

2. Bíonn tonnta _________________ íseal agus i bhfad óna chéile.

3. Bíonn _________________ tonnta scriosacha ann ná tonnta tógála.

4. Bíonn an trá á _________________ ag tonnta tógála. [4]

**(iv)** Is mar gheall ar chreimeadh a bhíonn aillte cósta á bhfoirmiú. Ainmnigh **dhá** phróiseas a mbíonn an cósta á chreimeadh acu.

___________________________________________________

___________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 2** a thaispeánann grianghraif de ghradhana feadh chósta Sheringham idir TE 1543 agus TE 1643.



© www.walkingbritain.co.uk

**Fíor 2**

**(i)** Cuir síos ar an dóigh a mbíonn an modh seo ag feidhmiú leis an chósta a chosaint.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(ii)** Maidir le ceantar ainmnithe in Éirinn nó sa Bhreatain Mhór a ndearna tú staidéar air, cuir síos ar mhodh **amháin** eile a bhíonn in úsáid le himeallbhord a chosaint agus luaigh a inbhuanaithe atá sé mar mhodh.

Ceantar _______________________________________ [1]

Modh _______________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Rinne mic léinn staidéar allamuigh ar abhainn i dTuaisceart Éireann. Déan staidéar ar **Fíor 3** ina léirítear meánmhéid na bpúróg ag gach suíomh staidéir.
Freagair na ceisteanna a leanann.




**Fíor 3**

**(i)** Agus **Fíor 3** in úsáid agat, comhlánaigh **Tábla 1**.

**Tábla 1**

| | **Suíomh 1** | **Suíomh 2** | **Suíomh 3** | **Suíomh 4** | **Suíomh 5** |
|---|---|---|---|---|---|
| Meánmhéid púróige (cm) | 13 | 11.75 | 11 | 9.5 | |

[1]

**(ii)** 1. Cuir síos ar na hathruithe ar mhéid na bpúróg le sruth.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

2. Mínigh cad chuige a dtarlaíonn an t-athrú seo. Luaigh fáth **amháin** i do fhreagra.

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(e)** Déan staidéar ar **Fíor 4** a thaispeánann sceitse d'eas. Freagair an cheist a leanann.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 4**

Comhlánaigh **Tábla 2** tríd an ráiteas ceart a mheaitseáil leis an uimhir ar **Fíor 4**. Déanfar foirmiú easa a mhíniú ar an dóigh seo. Tá ceann amháin acu déanta.

**Tábla 2**

| Ráiteas | Uimhir ar Fíor 4 |
|---|---|
| Scéimhghearradh mar gheall ar charraig bhog a bheith á creimeadh | |
| Titeann an charraig isteach mar gheall ar scéimhghearradh | |
| Bíonn an abhainn ag sreabhadh thar chiseal de charraig chrua | |
| Bíonn poll easa á fhoirmiú mar gheall ar chreimeadh | |
| Gluaiseann suíomh an easa ar gcúl | 5 |

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(f)** **(i)** Bíonn baol tuile ann in aibhneacha áirthe. Maidir le habhainn ainmnithe **taobh istigh** d'Éirinn nó den Bhreatain Mhór, cuir síos ar chúis **amháin** a mbeadh tuile inti.

Abhainn ______________________________ [1]

______________________________

______________________________


______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(ii)** Caithfear bainistíocht chúramach a dhéanamh ar aibhneacha a mbíonn tuile iontu. Le **Fíor 5** a chomhlánú, déan na straitéisí bainistíochta aibhneacha a shórtáil de réir innealtóireacht chrua nó de réir innealtóireacht bhog.
Tá dhá cheann acu déanta.

**Innealtóireacht Bhog** **Innealtóireacht Chrua**




**Fíor 5** [4]

**(g)** Maidir le habhainn ainmnithe taobh amuigh d'Éirinn nó den Bhreatain Mhór, cuir síos ar mhodh **amháin** atá in úsáid le laghdú ar bhaol tuile.

Abhainn ______________________________________________ [1]

Modh ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Téama B: An Aimsir agus an Aeráid Againn ag Athrú

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**2** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 6** a thaispeánann na príomhchineálacha scamaill. Freagair na ceisteanna a leanann.




© Geography for CCEA by P Henderson, S Roulston, P Corr, editor K Clarke, published by Hodder Education, 2009. ISBN 9780340984956. Reproduced by permission of Hodder Education.

**Fíor 6**

**(i)** Ainmnigh an cineál scamaill atá ag **X**.


____________________________ [1]

**(ii)** Luaigh an cineál scamaill a bhaineann le stoirmeacha toirní.

____________________________ [1]

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 7** a thaispeánann méadar báistí.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




*© Geography for CCEA by P Henderson, S Roulston, P Corr, editor K Clarke, published by Hodder Education, 2009. ISBN 9780340984956. Reproduced by permission of Hodder Education.*

**Fíor 7**

**(i)** Comhlánaigh an léaráid trí na lipéid seo a leanas a chur isteach. Tá ceann amháin acu déanta.

- Tonnadóir
- Sorcóir [2]

**(ii)** Caithfear an méadar báistí a chur i bhfad ar shiúl ó fhoirgnimh agus ó chrainn. Mínigh cad chuige.

______________________________


______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 8** a thaispeánann faisnéis faoi chóras aimsire. Freagair na ceisteanna a leanann.




**Fíor 8**

**(i)** Ainmnigh na línte ar an léarscáil aimsire seo a mbíonn áiteanna a bhfuil an brú céanna iontu á nascadh le chéile acu?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an córas aimsire atá lonnaithe os cionn na hÉireann agus na Breataine Móire. Cuir líne faoi do fhreagra sa liosta thíos.

**Frithchioclón** **Fronta** **Lagrach** [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Beidh an teocht in Bristol ag athrú de réir mar a bhíonn an córas aimsire seo ag dul thart.

1. Cuir síos ar cad é mar a bheidh an teocht ag athrú.

_______________________________________________ [1]

2. Mínigh cad chuige a mbeidh an teocht ag athrú.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(d)** Bíonn tionchar ag an aimsir ar dhaoine agus ar an gheilleagar araon. Comhlánaigh **Tábla 3** trí Daoine nó Geilleagar a scríobh sa cholún deiridh. Tá ceann amháin acu comhlánaithe. [3]

**Tábla 3**

| **Gné aimsire** | **Tionchar** | **Daoine** nó **Geilleagar** |
|---|---|---|
| gaotha láidre<br><br>*© Reuters/Henry Romero 2 September 2009* | Is féidir leo a bheith ina gcúis le tonnta arda agus le mórtas farraige a gcuirfí seirbhísí farantóireachta ar ceal dá mbarr. De thoradh air seo, ní féidir earraí a iompar go dtí na siopaí. | |
| gné na haimsire<br><br>aimsir the ghrianmhar | Ardaíonn an teocht sa dóigh go mbíonn méadú ar dhíolacháin earraí amhail uachtar reoite agus beárbaiciúnna. | Geilleagar |
| sioc<br><br>*© Darren Ciolli-Leach* | Sa gheimhreadh cuidíonn an sioc leis an ithir a bhriseadh, rud a fhágann go mbíonn sé níos saoire goirt a shaothrú i dtús an earraigh. | |
| báisteach throm<br><br>*© FreeFoto.com Ltd* | Is féidir go n-éireoidh leibhéal an uisce in aibhneacha mar gheall uirthi agus go rachaidh an t-uisce thar bhruacha na n-aibhneacha amach, agus isteach i dtithe agus i ngairdíní. | |

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Is cúis nádúrtha le hathrú aeráide í gníomhaíocht bholcánach.



*© U S Geological Survey/Jack Lockwood*

**Fíor 9** Bolcán ag brúchtadh san Indinéis

**(i)** Mínigh cad é mar a d'athródh an aeráid mar gheall ar bhrúchtadh bolcánach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(ii)** Maidir le tír ainmnithe a ndearna tú staidéar uirthi, cuir síos ar éifeacht dhearfach **amháin** agus ar éifeacht dhiúltach **amháin** mar gheall ar athrú aeráide.

Tír ______________________________________________ [1]

Éifeacht dhearfach

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Éifeacht dhiúltach

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

## Téama C: An Domhan Míshocair

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**3** **(a)** Déan staidéar ar **Tábla 4** ina bhfuil faisnéis faoi 3 charraig. Freagair na ceisteanna a leanann.

**Tábla 4**

| Grianghraf den charraig | Buntréithe na carraige | Ainm na carraige |
|---|---|---|
|  | Uigeacht gharbh, bruthcharraig chrua bhreac. | |
|  | Carraig dhríodair measartha crua atá garbh le breith uirthi. | gaineamhchloch |
|  | Carraig mheiteamorfach dhúliath a scoilteann na cisil aici go furasta. | |

*© Bureau of Economic Geology, Jackson School. The University of Texas at Austin*
*© Bureau of Economic Geology, Jackson School. The University of Texas at Austin*
*Copyright © Province of British Columbia. All rights reserved. Reprinted with the permission of the Province of British Columbia. www.ipp.gov.bc.ca*

**(i)** Comhlánaigh **Tábla 4** trí ainmneacha carraigeacha a ndearna tú staidéar orthu a scríobh ann. [2]

Roghnaigh do fhreagraí ón liosta thíos

**marmar** **slinn** **eibhear** **basalt**

**(ii)** Roghnaigh **ceann amháin** de na carraigeacha in **Tábla 4** agus mínigh cad é mar a foirmíodh í.

___

___

___

___

___ [3]

(b) Cuir na ráitis thíos in ord lena léiriú cad é mar a bhíonn ardchlár laibhe á fhoirmiú. Tá ceann amháin acu comhlánaithe.

| | |
|---|---|
| Bíonn laibhe ag doirteadh amach trí scoilteáin. | |
| Tagann magma aníos go screamh an Domhain mar gheall ar bhrú. | |
| Tarlaíonn síonchaitheamh feadh imill an ardchláir, rud a dhéanann é a laghdú le himeacht aimsire. | 4 |
| Fuaraíonn an laibhe agus bíonn ardchlár leathan leactha basailt ann. | |

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 10** a thugann faisnéis faoin chrith talún a chuaigh i bhfeidhm ar Háítí in 2010. Freagair na ceisteanna a leanann.

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

## Ní Raibh Crith Talún Háítí gan choinne.

T

Fuair beagnach 200 000 duine b§s agus bh² scrios forleathan ann nuair a bhuail crith tal¼n dar m®id 7 H§it², t²r i mb®al forbartha (LEDC) ar 12 Ean§ir 2010.
Tharla an crith tal¼n §it a mb²onn dh§ phl§ta theicteonacha ag sleamhn¼thart lena ch®ile.




**Fíor 10**

**(i)** Ainmnigh an grúpa oileán ó thuaidh ó Háítí.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cuir líne faoin chineál imeall pláta atá suite i ngar do Port-au-Prince.

**Tógála** **Scriosach** **Imchoimeádach** [1]

**(iii)** Luaigh ciall an téarma **crith talún**.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iv)** Luaigh **dhá** fháth a bhfuair an oiread sin daoine bás mar gheall ar an chrith talún i Háítí.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(v)** Mínigh cad chuige a mbíonn plátaí ag gluaiseacht.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(d)** Cuir síos ar an chúis agus ar **dhá** iarmhairt a bhí le crith talún a tharla in Éirinn nó sa Bhreatain Mhór agus a ndearna tú staidéar air.

Suíomh an chreatha talún in Éirinn nó sa Bhreatain Mhór

______________________________________________ [1]

Cúis leis an chrith talún

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Iarmhairtí

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.